Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**8290/25**

**COCON 28**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Na Toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Lá Eorpach an Taistil Shábháilte Thar Lear a bhunú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Lá Eorpach an Taistil Shábháilte Thar Lear a Bhunú, mar a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha) iad an 14 Aibreán 2025.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE
MAIDIR LE LÁ EORPACH AN TAISTIL SHÁBHÁILTE THAR LEAR A BHUNÚ**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

AG MEABHRÚ DI

– Airteagal 20 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena mbunaítear saoránacht an Aontais,

– Mír 2, litir c d'Airteagal 20 CFAE, lena dtugtar do shaoránaigh an Aontais an ceart chun cosaint a fháil ar chríoch tríú tír nach bhfuil ionadaíocht inti ag an mBallstát ar náisiúnaigh de iad ó údaráis taidhleoireachta agus chonsalacha de chuid Ballstáit eile faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Stáit sin,

– Airteagal 23 CFAE, lena gceanglaítear ar na Ballstáit na bearta iomchuí is gá a dhéanamh chun an chosaint sin a áirithiú,

– Treoir (AE) 2015/637 maidir leis na bearta comhordúcháin agus comhair chun an chosaint chonsalach a éascú do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu i dtríú tíortha

AG FÉACHAINT DI d'Eorabharaiméadar 528, Saoránacht agus Daonlathas (2023), ar dá réir a aontaíonn 93 % de shaoránaigh an Aontais gur cheart do Bhallstáit an Aontais comhoibriú go dlúth chun cabhrú le saoránaigh an Aontais a bhfuil cosaint chonsalach de dhíth orthu lasmuigh den Aontas.

AG LEAGAN BÉIM ar an tairbhe a bhaineann le feasacht shaoránaigh an Aontais ar a gceart a leagtar amach i mír 2, litir c d'Airteagal 20 CFAE, a mhéadú.

AG LEAGAN BÉIM ar an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag gníomhaíochtaí comhordaithe i measc na mBallstát agus idir na Ballstáit agus institiúidí an Aontais maidir le feasacht a mhúscailt i measc shaoránaigh an Aontais.

1. BUNAÍONN SÍ Lá Eorpach an Taistil Shábháilte Thar Lear. Is é is aidhm do Lá Eorpach an Taistil Shábháilte Thar Lear, a bheidh ar siúl ar an gceathrú Aoine de mhí na Bealtaine, taisteal sábháilte chuig tríú tíortha agus an t-ullmhúchán cuí a dhéanamh i gcomhair laethanta saoire a chur chun cinn i measc shaoránaigh an Aontais. Tá sé mar aidhm freisin le Lá Eorpach an Taistil Shábháilte Thar Lear feabhas a chur ar fheasacht shaoránaigh an Aontais ar dhea-chleachtais agus iad ag taisteal chuig tríú tíortha agus ar a gceart a leagtar amach i mír 2, litir c d'Airteagal 20 CFAE, trí infheictheacht tionscnamh ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais a mhéadú agus, i gcás inarb iomchuí, trí shineirgí a chruthú eatarthu.

2. IARANN SÍ ar na Ballstáit a bhfeachtais feasachta a sheoladh go comhuaineach, nó a mhéadú, nuair is iomchuí, chun taisteal sábháilte chuig tríú tíortha a chur chun cinn ar Lá Eorpach an Taistil Shábháilte Thar Lear.

3. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach agus ar an Ardionadaí tacú le feachtais feasachta na mBallstát lena gcuirtear taisteal sábháilte chuig tríú tíortha chun cinn i gcomhthéacs Lá Eorpach an Taistil Shábháilte Thar Lear, agus na feachtais sin a chomhlánú.